COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH

MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK



# 12
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 13

12



13

# Clár na nÁbhar


RÉAMHRÁ ÓN UACHTARÁN 4

BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH 4

**RIALACHAS 4**

AN BORD RIALAITHE 4

AN COISTE BAINISTIOCHTA AN CHOLAISTE 4

AN BORD ACADÚIL 4

**AN TÍRDHREACH SEACHTRACH 4**

ATHBHREITHNIÚ AN ÚAO AR STRUCHTÚR NA hOILIÚNA TOSAIGH MÚINTEOIRÍ (OTM) 4

CEISTEANNA BUISÉID AN HEA 5

COMHAIRLIÚCHÁN AN ÚAO UM FHORFHEIDHMIÚ NA STRAITÉISE NÁISIÚNTA DON ARDOIDEACHAS AGUS PRÓISEAS PLÉ STRAITÉISIGH 5

COMHAIRLIÚCHÁN AN ÚAO UM FHORFHEIDHMIÚ NA STRAITÉISE NÁISIÚNTA DON ARDOIDEACHAS AGUS PRÓISEAS PLÉ STRAITÉISIGH & ATHBHREITHNIÚ AN ÚAO AR STRUCHTÚR NA hOILIÚNA TOSAIGH MÚINTEOIRÍ (OTM) 5

**AN TÍRDHREACH INMHEÁNACH 9**

AN TOLGLANN FOIRNE NUA 9

IONAD NUA NA nGAIRMEACHA AGUS SOCRÚCHÁIN NA MAC LÉINN 9

ATHCHÓIRIÚ NA hOIFIGE AIRGEADAIS 9

ATHCHÓIRIÚ AN CHUAID 9

**FORBAIRT AR OBAIR IDIRNÁISIÚNTA 10**

**SÁRTHAISPEÁNTAS IONAID TAIGHDE CHOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL 10**

TRÍ IONAD, IONAD LÉANN NA GAEILGE, IONAD ÉIREANNACH AN LÉINN CHAITLICIGH AGUS AN tIONAD UM LÉANN POLASAÍ 10

LÍON NA MAC LÉINN A GLACADH ISTEACH IN 2012 10

**DÁMHACHTAINÍ SCOLÁIREACHTA AN UACHTARÁIN 11**

**DÁMH AN OIDEACHAIS 11**

CLÁIR ATHCHOINCHEAPTHA AN BHAITSILÉARA OIDEACHAIS AGUS AN BHAITSILÉARA OIDEACHAIS SAN OIDEACHAS AGUS SA tSÍCEOLAÍOCHT 11

COMMENCEMENT OF NEW MA IN EDUCATION AND THE ARTS (META) PROGRAMME 12

CERTIFICATE IN INCLUSIVE CARE AND EDUCATION (0-6 YEARS) (NQAI LEVEL 6) 12

PSYCHOLOGICAL SOCIETY OF IRELAND RECOMMENDS THE MAEP PROGRAMME FOR FULL ACCREDITATION 12

GRADUATE DIPLOMA IN ADULT AND FURTHER EDUCATION AT MIC IS AMONG FIRST FURTHER EDUCATION PROGRAMMES APPROVED BY THE TEACHING COUNCIL 13

CONTINUING GROWTH OF INCLUSIVE EDUCATION IN MIC 13

INTERNATIONAL MOBILITY AND EUROPEAN PARTNERSHIPS 14

GALA CELEBRATION OF THE TRANSFORMING EDUCATION THROUGH DIALOGUE (TED) PROJECT 14

**CONFERENCES 15**

IDIERI CONFERENCE 15

THE FUTURE OF SPHE: PROBLEMS & POSSIBILITIES: INAUGURAL CONFERENCE OF THE SPHE NETWORK IN MIC 15

IVACS RESEARCH CENTRE 6TH INTERNATIONAL BIENNIAL CONFERENCE 15

HISTORY, GEOGRAPHY & SCIENCE IN IRISH PRIMARY SCHOOLS: OF CRUCIAL IMPORTANCE IN OUR CHANGING SOCIETY. IASSEE RESEARCH SYMPOSIUM 16

SMEI 2ND ANNUAL CONFERENCE AT MIC 16

CATHOLIC EDUCATION AND THE NEW EVANGELISATION CONFERENCE 16

IVACS ANNUAL SYMPOSIUM 17

RELIGION AND THE PUBLIC GOOD: FIFTY YEARS AFTER THE SECOND VATICAN COUNCIL 17

CONFERENCE ON THE ROLE OF THE IRISH LANGUAGE IN THE IRISH ECONOMY AND HOW IT CAN ASSIST IN OUR ECONOMIC RECOVERY 18

CCTV COLLOQUIUM 18

10TH ANNUAL CONFERENCE OF THE SOCIETY OF DIX-NEUVIÉMISTES 18

IRISH SOUND SCIENCE AND TECHNOLOGY CONVOCATION 18

INCLUSIVE PARTNERSHIPS FOR TEACHER EDUCATION: RE-IGNITING DIALOGUE 19

MUSIC, TECHNOLOGY AND CREATIVITY IN THE CLASSROOM AND COMMUNITY 19

QUESTIONING INTERCULTURAL LITERATURE IN EUROPE 19

CAMUS AND BEYOND: LITERATURE, PHILOSOPHY AND THE POLITICAL 19

THE MCAULEY CONFERENCE – MIC - MAY 17TH & 18TH 2013 - WHAT IS DISTINCTIVE ABOUT CATHOLIC LEARNING? 19

**PUBLICATIONS 20**

**FACULTY OF ARTS 21**

ARTS FACULTY SEMINAR SERIES 21

**CONFERENCES 21**

EU YOUTH CONFERENCE 21

CENTRE FOR TRANSNATIONAL STUDIES (ICTS) 21

DEANS LIST FROSTBURG UNIVERSITY, USA 21

MIC POSTGRADUATE THESIS PRESENTED TO POPE BENEDICT 21

**IRISH RESEARCH COUNCIL 22**

**COLLEGE EVENTS 22**

LIME TREE THEATRE GALA OPENING 22

FRANCO GERMAN HOUSE 22

STUDENT ACHIEVEMENTS 22

THE UNDERGRADUATE AWARDS: THE 2012 IRISH WINNER IN THE FIELD OF TEACHER EDUCATION 22

**GRADUATION 2012 23**

**2011-2012 HIGHLIGHTS x23**

**DEVELOPMENT OF INTERNATIONAL WORK 23**

**MIC RESEARCH CENTRES SHOWCASE 23**

# Réamhrá

An tOllamh
Michael A. Hayes
**Uachtarán**



Fáilte chuig Tuarascáil 2012-2013 do Choláiste Mhuire gan Smál.

Bliain eile den scoth a bhí ann do Choláiste Mhuire gan Smál in 2012-2013. I mbliana, faoi threoir an HEA, thug Bainistíocht an Choláiste gealltanas comhoibriú a dhéanamh le hOllscoil Luimnigh chun an Lárionad san Oiliúint Tosaigh Múinteoirí a bhunú. I gcomhréir le cinneadh an Aire Oideachais agus Scileanna chun an BEd a mhéadú go clár ceithre bliana, chuaigh an Coláiste i mbun an phróisis lena chláir oiliúna tosaigh múinteoirí a athchoincheapadh, ar bhealach fuinniúil, solúbtha agus freagrúil. Tá clár forbartha againn agus tháinig an bonn eolais dó ó thaighde reatha idirnáisiúnta san oiliúint tosaigh múinteoirí.

Lean Coláiste Mhuire gan Smál ar aghaidh agus na mic léinn is fearr in Éirinn á mhealladh ar ár gceithre chlár fochéime san Oideachas agus sna Saorealaíona, agus bhí lúcháir ar an Roinn Oideachais Ealaíon agus Corpoideachais fáilte a chur roimh an gcéad chohórt de naonúr mac léinn ar an gclár MA nua san Oideachas agus sna hEalaíona (META). Is é atá sa chlár MA páirtaimseartha seo a mhaireann dhá bhliain ná an chéad sainchlár dá leithéid go náisiúnta agus an aidhm atá aige ná chun freastal ar mhúinteoirí atá ag cleachtadh (bunscoil agus meánscoil) a bhfuil spéis agus cumas ar leith acu sna healaíona agus san oideachas.

I mí Mheán Fómhair 2012 d'oscail a Oirirceas Mrs Emmanuelle d'Achon, Ambasadóir na Fraince ar Éirinn agus a Oirirceas Dr Eckhard Lübkemeier, Ambasadóir na Gearmáine ar Éirinn an 'Teach Franc-Ghearmánach'. I mí Dheireadh Fómhair bhí an oscailt cheiliúrtha den Amharclann Lime Tree agus léirigh Amharclann na Mainistreach The Plough and the Stars. Tá athrú mór tagtha ar thírdhreach inmheánach Choláiste Mhuire gan Smál agus tá oibreacha athchóirithe tar éis a bheith déanta ar fud an Choláiste, go háirithe in Oifig Gairmeacha agus Socrúcháin na Mac Léinn, an Oifig Airgeadais, an Cuad agus an Tolglann Foirne nua.

Bronnadh Scoláireachtaí Iarchéime an Uachtarán ar 68 mac léinn a bhain Onóracha den Chéad Ghrád amach na cláir Fochéime agus sa chlár Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) sa Choláiste. Tacaíonn na dámhachtainí seo le fís Choláiste Mhuire gan Smál chun mic léinn fhiúntacha a chur ar a gcumas chun deiseanna foghlama ardleibhéil agus taighde den scoth a chur i gcrích le linn na tréimhse seo nuair atá athruithe, athbheochan agus athchóiriú in oideachas na hÉireann nach raibh ann cheana.

Ceann amháin de na buaicphointí a bhíonn i bhFéilire an Choláiste ná ár searmanais bhronnta agus i mbliana bhain tuairim is 1000 mac léinn céim amach i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus bhí áthas orainn gur bronnadh ceithre cinn déag de dhámhachtainí PhD, an líon is airde de PhDanna bronnta i gColáiste Mhuire gan Smál go dtí seo. Reáchtáil an Coláiste líon áirithe comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn na bliana lena n-áirítear, mar shampla, IDERi 7, Comhdháil faoi Thodhchaí an OSPS san Oideachas Caitliceach agus sa Soiscéalaíocht Nua. Bliain eile den scoth a bhí in 2012-2013 ó thaobh spóirt de sa Choláiste agus an buaicphointe a bhí ann ná nuair a shroich ár bhFoireann Sinsir Iománaíochta Cluiche Ceannais Chorn Fitzgibbon den chéad uair i stair an chomórtais.

Tá súil agam go mbeidh an tuarascáil seo suimiúil agus faisnéiseach agus sinn ag obair i dtreo spriocanna agus cuspóirí ár bPlean Straitéisigh 2012-2016 a bhaint amach.

An tOllamh Michael A Hayes
Uachtarán

# Brollach

Chathaoirleach

*An Bord Rialaithe*



**An Ró-Oirmhinneach Brendan Leahy,** Easpag Luimnigh

Is mór agam an brollach do Thuarascáil Choláiste Mhuire gan Smál 2012-2013 a scríobh. Is é seo an chéad deis a bhí agam é seo a dhéanamh ó oirníodh mé mar Easpag Luimnigh san Earrach in 2013 agus an chéad rud ba mhaith liom a dhéanamh ná buíochas a ghabháil leis an gCathairleach a bhí romham, an tAthair Tony Mullins. Thug an tAthair Mullins an-tacaíocht dom agus mé ag tosú amach mar Chathaoirleach agus táim fíorbhuíoch de as an treoir agus comhairle a thug sé dom ó tháinig mé anseo.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach ball de phobal an Choláiste ar fad as fáilte Uí Cheallaigh a chur romham. Tá an 'pobal' lárnach d'éiteas an Choláiste iontaigh seo agus táim tar éis an t-eispéireas seo a bhrath ar bhealach an-réadúil agus mar dhuine nua braithim an comhmhuintearas atá ann. Tá a fhios agam gurb é seo saintréith d'eispéireas an mhic léinn a chuirimid ar fáil i gColáiste Mhuire gan Smál agus chuir sé ríméad orm nuair a d'inis Alumni ar bhuail mé leo é seo dom, Alumni a bhfuil meas acu ar an spiorad pobail sin atá mar chuid mhór de shaol an champais.

Ón uair a lainseáil An Bord Rialaithe Plean Straitéiseach Choláiste Mhuire gan Smál i mí an Mhárta 2012, tá an Coláiste tar éis tabhairt faoi iarracht ar leith a dhéanamh chun a léiriú don phobal i gcoitinne sa chathair, sa réigiún, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, go leathnaíonn an spiorad speisalta fáilteach agus uileghabhálach seo i bhfad níos faide amach ná teorainn an champais amháin.

Tá fios maith agam gur tréimhse dhúshlánach é seo don tír seo agus go bhfuil gach duine atá ag obair san ardoideachas in Éirinn ag obair i dtreo tírdhreacha atheagraithe den tsoláthar acadúil atá ag díriú ar an mbarr feabhais sa teagasc, san fhoghlaim agus sa taighde agus i dtreo níos mó daoine a bheith rannpháirteach, is cuma faoin aois nó faoi chúinsí. Tá plé straitéiseach ar bun ag an Údarás um Ard-Oideachas leis na hinstitiúidí ardoideachais uile agus cuirfear na cuspóirí seo i bhfeidhm i gcóras ardoideachais athnuachana. Ónár dtaobhsa de, táimid i gColáiste Mhuire gan Smál tiomanta go hiomlán do chuspóirí an phróisis seo. Tar éis an tsaoil, bunaíodh an Coláiste seo ar an bhfís a bhí ag Catherine McAuley, gur ceart bunúsach agus bonn agus taca do cháilíocht na beatha é an t-oideachas.

Is mór an onóir dom, mar Chathaoirleach An Bhoird Rialaithe, an Tuarascáil Bhliantúil seo a mholadh.

**† Brendan Leahy**
Cathaoirleach *An Bhoird Rialaithe*

# Rialachas



**An Comhlacht Rialúcháin (An Bord Rialaithe)**
Bhí ceithre chruinniú ag An Bord Rialaithe le linn na Bliana Acadúla 2012-13. Bhí Tuairisc ón Uachtarán ag gach ceann de na cruinnithe chomh maith le tuairiscí ó Choistí an Choláiste.

Ag gach cruinniú de An Bord thuairiscigh an tUachtarán ar straitéis an Choláiste, na hoibriúcháin inmheánacha agus an tírdhreach ardoideachais seachtrach. Chomh maith leis sin, chuir an Coiste Airgeadais, an Coiste Iniúchta agus Riosca, An Bord Acadúil, agus réimse fochoistí eile a bhfuil róil éagsúla acu laistigh den Choláiste, tuairiscí ar fáil. Is iad seo a leanas liosta iomlán de na fochoistí de Ann Bord Rialaithe a bhí ann le linn 2012-13:

- Coiste Iniúchta agus Riosca
- Coiste Airgeadais
- Coiste Cáilíochta
- Coiste Sláinte & Sábháilteachta
- Coiste Rochtana
- Coiste um Chur Chun Cinn na Sláinte
- Coiste TF/AV
- Coiste Fuinnimh & Comhshaoil
- Bord na Gaeilge
- Coiste Taighde
- MIREC (Coiste Eitic Choláiste Mhuire gan Smál)

**Ballraíocht an Bhoird Rialaithe 2012-2013**
An Ró-Oirmhinneach B. Leahy (Cathaoirleach); An tOllamh M. Hayes (Uachtarán); An tOllamh G. O'Brien (AVPA); Mr. J. Coady (VPAF); An tOllamh E. Wall (VPAA); An tOllamh T. O'Doherty, (Déan an Oideachais); An tOllamh M. Breen (Déan na nDán); An tOllamh M. Healy (AVPR) ; G. Uas. Ó Tiarnaigh; An tAthair M. Wall; An tSr. M. O'Kelly; An Dr. L. Chambers; An tSr. E. Ryan; Mr. D. Wynne (Uachtarán MISU); An tAthair L. Walsh; Ms. C. Spooner; Ms. A. Kavanagh; An Dr. C. O'Sullivan. An tSr. B. Coman; Mr. T. Donoghue; Mr. J. Dalton; An Dr. P. Connolly; Mr. Cillian McHugh (Leas-Uachtarán MISU); Ms. M. O'Brien; An Dr. A. Kenny, Mr. J. Hayden; An Dr. A. Looney; Ms. R. Godfrey; Ms. G. Moloney.

**Coiste Bainistiochta an Choláiste (CBC) 2012-2013**
Bhí deich gcruinniú ag CBC sa bhliain acadúil 2012-2013 agus phléigh siad ceisteanna Foirne, Airgeadais agus Polasaí.

**Ballraíocht**
An tOllamh Michael A Hayes – Uachtarán – (Cathaoirleach); An tOllamh Eugene Wall – Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla (LGA) (Leas Cathaoirleach); Mr. John Coady – Leas-Uachtarán Riaracháin agus Airgeadais (LRA); An tOllamh Teresa O'Doherty – Déan an Oideachais (DaO); An tOllamh Michael Breen – Déan na nDán/Dean of Arts (DnD); Prof. Michael Healy – An Leas-Uachtarán Comhlach Taighde (LCT); An tOllamh Gary O'Brien –Leas-Uachtarán Comhlach Riaracháin (LCR); Ms. Rachel Godfrey – Ionadaí Foirne Seirbhísí Gairmiúla; An Dr. Patrick Connolly – Ionadaí den Fhoireann Acadúla; An Dr. Ailbhe Kenny – Ionadaí den Fhoireann Acadúla.

**An Chomhairle Acadúil (An Bord Acadúil - BA)**
Tháinig an BA le chéile seacht n-uaire sa bhliain acadúil agus is é seo a leanas an bhallraíocht:

Ballraíocht
An tOllamh Michael A Hayes
An tOllamh Eugene Wall
An tOllamh Teresa O'Doherty
An tOllamh Michael Breen
An tOllamh Gary O'Brien
An tOllamh Mike Healy
An Dr. Patrick Connolly
An Dr. Sylvia O'Sullivan
An tOllamh Jim Deegan
An Dr. Eugene O'Brien – Ceann Roinn Theanga & Litríocht an Nua-Bhéarla
An Dr. Löic Guyon – Ceann Roinn na Fraincise
Ms Máire Ní Neachtain – Ceann Roinn na Gaeilge
An tOllamh Des McCafferty – Ceann Roinn na Tíreolaíochta
An Dr. Christiane Schönfeld - Ceann Roinn Léann na Gearmáinise
An Dr. Liam Chambers – Ceann Roinn na Staire
Mr. Diarmuid ODriscoll – Ceann Roinn Léann na Matamaitice agus Ríomhaireachta
An Dr. Rosemary Day – Ceann Roinn Léann na Meán & na Cumarsáide
An Dr. Gareth Cox – Ceann Roinn an Cheoil
An Dr. Niall Keane – Ceann Roinn na Fealsúnachta
An Dr. Veronica Cullinan - Ceann Roinn na Síceolaíochta
An tOllamh Oirmhinnigh Eamonn Conway – Ceann Roinn Léann na Diagachta & an Chreidimh
An Dr. Michael Finneran Ceann na Roinne Oideachais Ealaíon agus Corpoideachais
Seán De Brún, Uas, Ceann Roinn na Teanga, Litearthachta agus Matamaitice
An Dr. Carol OSullivan – Ceann Roinn na Foghlama, Sochaí agus Léann an Chreidimh
An Dr. Emer Ring – Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Léann na Luath-Óige
An Dr. Patricia Daly – Ceann Roinn an Oideachais Speisialta
An Dr. Cathal de Paor – Stiúrthóir na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí
Ms. Eucharia McCarthy – Stiúrthóir an Aonaid um Fhorbairt Churaclaim
Mr Neil O Conaill – Stiúrthóir Socrúcháin Scoileanna
An Dr. Anne O'Keeffe – Stiúrthóir Lárionad an Teagaisc agus na Foghlama
Ms Marie Ryan – Comhordaitheoir Cúrsa – B.Ed san Oideachas agus sa tSíceolaíocht
Ms Gerardine Moloney
An Dr. Eugene Duffy – Léachtóir, Léann na Diagachta agus an Chreidimh
An Dr. Una Ní Bhroiméil – Léachtóir, Roinn na Staire
Mr Des Carswell – Léachtóir, ECCE
Ms Gwen Moore – Léachtóir, Oideachas Ceoil
Mr Darragh Wynne - Misuprez
Mr Cillian McHugh – Misuviceprez
Alan McAuliffe

# Tírdhreach Seachtrach

Lean an Coláiste i mbun páirt ghníomhach a ghlacadh sa 'Plé Straitéiseach' de chuid an ÚAO leis an earnáil ardoideachais i dtreo atheagrú an tírdhreacha ardoideachais in Éirinn. I mí na Nollag 2012 bhuail Foireann Bainistíochta an Choláiste le Feidhmeannas an ÚAO agus phléigh siad comhchuspóirí i gcomhthéacs fhís Straitéiseach an Choláiste chun leanúint ar aghaidh agus a bheith uathrialaitheach agus a bheith rannpháirteach i ngrúpa réigiúnach nua d'institiúidí comhpháirtíochta, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh san áireamh.

I mí Feabhra 2014, tháinig an dá pháirtí le chéile arís le haghaidh cruinnithe eile agus chomhaontaigh siad go rachaidís i mbun comh-institiúid nua, an Institiúid Náisiúnta do Léann an Oideachais (NISE) a bhunú in éineacht UL, chomh maith le dul i gcomhpháirtíocht le UL chun clár fochéime nua sna Saorealaíona a chur ar fáil do Luimneach

Cuireadh na tionscadail spreagúla agus nuálacha seo san áireamh i gcomhaontú ar leith idit Coláiste Mhuire gan Smál agus an ÚAO chomh maith le tionscnaimh eile a bhfuil mar aidhm acu an comhordú agus comhtháthú idir na hinstitiúidí ardoideachais áitiúla a fheabhsú lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Scoil Céimithe Chónasctha le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus UL.



# Forbairt an Champais


TOLGLANN FOIRNE NUA

D'oscail an Tolglann Foirne nua agus tá sí lonnaithe i bhFoirgneamh na Fondúireachta.



IONAD NUA NA nGAIRMEACHA AGUS SOCRÚCHÁIN NA MAC LÉINN

Tá Ionad nua na nGairmeacha agus Socrúcháin na Mac Léinn lonnaithe i bhFoirgneamh na Fondúireachta agus cuirfidh sé go mór leis an soláthar reatha atá ann do mhic léinn sa láthair seo.



ATHCHÓIRIÚ AR AN OIFIG AIRGEADAIS

Rinneadh athchóiriú ar an Oifig Airgeadais freisin, chun an spás oibre a mhéadú agus a fheabhsú don fhoireann atá ag obair ansin.


ATHCHÓIRIÚ AR AN Gcuad

Rinneadh athchóiriú ar Chearnóg an Choláiste – nó an 'Cuad', agus athraíodh an áit pháirceála do spás glas álainn faoin aer agus an Séipéal mar an phríomhghné de. Cuireann an Cuad áit shásúil go haeistéitiúil agus shuaimhneach ar fáil do bhaill an Choláiste le bheith ag comhrá, ag staidéar lasmuigh nó le machnamh a dhéanamh.



## FORBAIRT AR OBAIR IDIRNÁISIÚNTA

Thug Uachtarán Ollscoil DeSales, An tAthair Bernard O'Connor, An Dr. Brian Kane agus an tAthair John Harvey d'Ollscoil DeSales, Pennsylvania cuairt ar an gColáiste i mí Iúil agus shínigh siad Meabhrán Tuisceana do chlár malairte mac léinn agus foirne leis an gColáiste. Thug an Dr. Seamus Carey d'Ollscoil Sacred Heart in Connecticut cuairt ar an gColáiste i mí Lúnasa agus síníodh Meabhrán Tuisceana do Chlár Malairte Mac Léinn.



## SÁRTHAISPEÁNTAS IONAD TAIGHDE CHOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Bhí Sárthaispeántas Taighde ar siúl sa Choláiste ar an 4 Meán Fómhair. Gach bliain cuireann an Coláiste imeacht sárthaispeántais taighde i láthair chun béim a leagan ar ghnéithe dár bpunann taighde. I mbliana an t-eochairchainteoir ba ea Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Ard-Oideachas, Tom Boland, a labhair faoi 'An 3ú agus 4ú Leibhéal den Tírdhreach Taighde in Éirinn'. Ba dheis thábhachtach í seo an ríthábhacht a bhaineann le cúrsaí taighde i gColáiste Mhuire gan Smál a léiriú, mar Shain-Institiúid Ardoideachais agus an nasc bunúsach atá idir an teagasc, an fhoghlaim agus an taighde sa Choláiste.

## TRÍ IONAD, IONAD LÉANN NA GAEILGE, IONAD ÉIREANNACH AN LÉINN CHAITLICIGH AGUS AN tIONAD UM LÉANN POLASAÍ

Bhí plé ag an Dámh le hUachtarán an Choláiste agus leis an Leas-Uachtarán Comhlach Taighde maidir le trí ionad a bhunú a bheidh ag obair trasna na ndámh:
Is iad seo a leanas na trí ionad:

- Ionad Léann na Gaeilge
- Ionad Éireannach an Léinn Chaitlicigh
- An tIonad um Léann Polasaí

## LÍON NA MAC LÉINN A GLACADH ISTEACH IN 2012

Is iad seo a leanas líon na mac léinn a glacadh isteach ó thaobh na bhfochéimithe nuachláraithe don Bhliain Acadúil in 2012-13:

| | |
|---|---|
| BA sna Saorealaíona | 242 |
| BA Chúram & Oideachas Luath-Óige | 74 |
| Baitsiléir Oideachais san Oideachas & sa tSíceolaíocht | 34 |
| Baitsiléir Oideachais | 420 |

### DÁMHACHTAINÍ SCOLÁIREACHTA AN UACHTARÁIN

I mbliana, bhain 68 mac léinn Onóracha den Chéad Ghrád amach na cláir Fochéime agus sa chlár Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) sa Choláiste. Mar aitheantas don mhéid a bhain siad amach leis seo ó thaobh cúrsaí acadúla de, bronnadh Scoláireacht Iarchéime Uachtaráin de chuid Choláiste Mhuire gan Smál ar gach mac léinn don Bhliain Acadúil 2012-13.

Bunaíodh Scoláireacht an Uachtaráin mar fhreagra ar Phlean Straitéiseach an Choláiste 2012-2016 agus, go háirithe, mar gheall ar an bhfís atá again le mic léinn fhiúntacha a chur ar a gcumas chun deiseanna foghlama ardleibhéil agus taighde den scoth a chur i gcrích le linn na tréimhse seo nuair atá athruithe, athbheochan agus athchóiriú in oideachas na hÉireann nach raibh ann cheana. Léiríonn a ndámhachtain scoláireachta an infheistíocht a dhéanaimid i bhforbairt ghairmiúil leanúnach ár mac léinn trí chláir bharr feabhais bhunaithe i réimsí éagsúla d'ábhair iarchéime.

Tugann an scoláireacht an deis dóibh siúd a fhaigheann iad staidéar iarchéime a dhéanamh ag leibhéal an Dioplóma Iarchéime, na Máistreachta Múinte nó na Máistreachta Taighde sa Choláiste, agus laghdú athnuachana bliantúil de €1,500 sna táillí do thréimhse ghnáthchlárú na gclár sin. Fuair na mic léinn sin a bhí sa chéad áit ar a gclár staidéir laghdú athnuachana bliantúil de €3,000 i dtáillí.

## DÁMH AN OIDEACHAIS

### CLÁIR ATHCHOINCHEAPTHA AN BHAITSILÉARA OIDEACHAIS AGUS AN BHAITSILÉARA OIDEACHAIS SAN OIDEACHAS AGUS SA tSÍCEOLAÍOCHT

I gcomhréir le cinneadh an Aire Oideachais agus Scileanna chun an BEd a mhéadú go clár ceithre bliana, chuaigh an Coláiste i mbun an phróisis lena chláir oiliúna tosaigh múinteoirí a athchoincheapadh, ar bhealach fuinniúil, solúbtha agus freagrúil. Rinneamar athchóiriú ó bhonn ar an gclár, agus thapaíomar an deis a thugann cinneadh an Aire dúinn chun tabhairt faoin éagothroime agus easnamh stairiúil atá sa chlár trí bliana reatha chun clár a fhorbairt inar tháinig an bonn eolais dó ó thaighde reatha idirnáisiúnta san oiliúint tosaigh múinteoirí

Is clár ar leith agus spreagúil céime onóracha ceithre bliana é an Baitsiléir Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht a ullmhaíonn múinteoirí bunscoile agus tugann sé deiseanna do na céimithe dul i mbun gairme sa tsíceolaíocht. Rinneadh athdhearadh ar an gclár seo chun tabhairt faoi chur chuige nua i dtreo an oideachais múinteoirí , tá modúil nua agus shoiléire curtha san áireamh ann atá deartha go sonrach chun riachtanais shochaí agus oideachas na hÉireann atá ag athrú a chomhlíonadh. Leis an gclár seo is féidir cáilíocht acadúil agus ghairmiúil a bhaint amach, atá creidiúnaithe ag Ollscoil Luimnigh agus aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Chomh maith leis sin, tá foireann iomlán na modúil síceolaíochta á coinneáil laistigh den chlár seo agus bíonn mic léinn BEd san Oideachas agus sa tSíceolaíocht ag staidéar na síceolaíochta in éineacht lena bpiaraí ar an gclár BA sa Síceolaíocht. Táimid dóchasach leis an gclár athstruchtúrtha seo go mbeidh ár mic léinn in ann tabhairt faoi na dúshláin teagaisc éagsúla i gcomhthéacs na sochaí atá ag athrú agus a bheith rannpháirteach ag an am céanna in eispéireas oideachais Éireannach ar leith.

## TÚS LE CLÁR AN MA NUA SAN OIDEACHAS AGUS SNA DÁNA (META)

Bhí lúcháir ar an Roinn Oideachais Ealaíon & Corpoideachais fáilte a chur roimh an gcéad chohórt de naonúr mac léinn ar an gclár MA nua san Oideachas agus sna hEalaíona (META). Is é atá sa chlár MA páirtaimseartha seo a mhaireann dhá bhliain ná an chéad sainchlár dá leithéid go náisiúnta agus an aidhm atá aige ná chun freastal ar mhúinteoirí atá ag cleachtadh (bunscoil agus meánscoil) a bhfuil spéis agus cumas ar leith acu sna healaíona agus san oideachas, ealaíontóirí a bhíonn ag plé leis an gcleachtas oideachais agus lucht déanta beartais/riarthóirí sna healaíona san oideachas. Is cineál cláir idirdhisciplínigh é atá á chur ar fáil ag an Dámh ina bhfuil saineolas trasna na ndisciplíní d'oideachas ceoil, oideachas drámaíochta, oideachas na n-amharc-ealaíon, oideachas damhsa agus an litríocht. Is é atá i gceist leis an gclár META ná chun breathnú agus machnamh a dhéanamh ar na healaíona san oideachas agus san oideachas ealaíon laistigh de chomhthéacs cultúrtha níos leithne, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ní hamháin go bhfuil sé ag díriú ar na healaíona mar chomhshaothar agus mar shaothar comhtháite, ach déantar iarracht freisin forbairt a dhéanamh ar an saineolas i ngach ceann de na disciplíní ar leith.

## TEASTAS SA CHÚRAM AGUS OIDEACHAS UILEGHABHÁLACH (0-6 BLIANA D'AOIS)

D'éirigh leis an Aonad um Fhorbairt Churaclaim maoiniú de €39,570 den Tionscnamh Náisiúnta um Rochtain sna Luathbhlianta (NEYAI) a fháil ó Chomhpháirtíocht PAUL, mar an phríomhghníomhaireacht do Start Right de chuid Chuibhreannas Luimnigh, chun tacú le 21 cleachtóir ECCE chun tabhairt faoi Leibhéal 6, Teastas sa Chúram agus Oideachas Uileghabhálach (0-6 bliana d'aois). Is gníomhaíocht é an cúrsa seo, a chuirtear ar fáil tríd an bhfoghlaim chumaisc, atá sonraithe laistigh de phlean 3 bliana an NEYAI mar an gníomh Start Right chun 'tacú le cleachtóirí na riachtanas luathbhlianta chun leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu a chur san áireamh' agus tá gné sa réimse eiseamláire de chuid Start Right do 2012-2013 le cur le scileanna na gcleachtóirí luathbhlianta. Tá foireann den Choláiste mar ionadaithe Choláiste Mhuire gan Smál ar Start Right de Chuid Chuibhreannas Luimnigh agus déanann siad maoirseacht i gcomhar lena chéile ar dhearadh agus soláthar an Teastas seo ag Leibhéal 6 atá mar chlár i Roinn an Oideachais Speisialta i gColáiste Mhuire gan Smál. Chláraigh an chéad chohórt de mhic léinn ar an gclár seo i mí Mheán Fómhair.

## MOLANN CUMANN SÍCEOLAÍOCHTA NA hÉIREANN AN MAEP LE HAGHAIDH CREIDIÚNAITHE IOMLÁIN

Fuair Coláiste Mhuire gan Smál dea-scéala le linn an tsamhraidh gur mhol Painéal Athbhreithnithe Chumann Síceolaíochta na hÉireann (PSI), a thug cuairt chreidiúnaithe ar an gColáiste Dé Máirt an 3 Iúil, creidiúnú iomlán den Mháistir sna Dána sa tSíceolaíocht Oideachais (MAEP), do Chomhairle an PSI.

Is cúrsa oiliúna gairmiúil lánaimseartha é an MAEP a mhaireann dhá bhliain, a reáchtáladh ar dtús i mí Mheán Fómhair 2010. Tá an clár seo leagtha amach chun daoine faoi oiliúint a ullmhú le cleachtadh mar síceolaithe oideachais i suíomhanna éagsúla. Thar tréimhse ceithre sheimeastar den chlár, caitheann daoine faoi oiliúint dhá lá sa tseachtain ar an meán sa champas le haghaidh léachtaí/ranganna teagaisc agus dhá lá sa tseachtain ar an meán ar socrúchán i scoileanna (Seimeastar 1) agus i Seirbhísí Síceolaíochta (Seimeastair 2, 3 & 4). Thug Painéal Athbhreithnithe an PSI moladh ar leith do leibhéal na n-acmhainní atá á chur ar fáil sa chlár. Tá creidiúnú an chláir á shiardhátú go Meán Fómhair 2010 agus mairfidh sé ar feadh tréimhse cúig bliana. Chláraigh an dara cohórt de mhic léinn ar an gclár seo i mí Mheán Fómhair.



## DIOPLÓMA IARCHÉIME SAN OIDEACHAS AOSACH AGUS SA BHREISOIDEACHAS

D'fhógair an Chomhairle Mhúinteoireachta bronnadh an chreidiúnaithe ghairmiúil ar Dhioplóma Iarchéime Choláiste Mhuire gan Smál san Oideachas Aosach agus sa Bhreisoideachas. Tá an clár seo beartaithe do chéimithe a bhfuil i gceist acu teagasc a dhéanamh in earnáil an Oideachais Aosaigh agus an Bhreisoideachais (FE) agus do mhúinteoirí atá ag obair cheana féin sa réimse seo ar mian leo forbairt bhreise a dhéanamh ar a gcleachtas gairmiúil. Beidh céimithe an chláir i dteideal iarratas a dhéanamh le bheith cláraithe mar mhúinteoir leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun teagasc a dhéanamh san earnáil FE. Le héifeacht ón 1 Aibreán 2013, ní mór cáilíocht oideachais múinteoirí breisoideachais atá faofa ag an gComhairle, chomh maith leis na riachtanais cáilíochta céime, a bheith bainte amach ag iarratasóirí a chláraíonn leis an earnáil FE. Tá sé seo i gcomhréir le Rialachán 5 de Rialacháin Cáilithe na Comhairle Múinteoireachta, a bhfuil mar aidhm aige na caighdeáin chuimsitheacha sna cáilíochtaí riachtanacha a bhaint amach trasna na trí earnáil oideachais – Bunscoil, Iar-bhunscoil agus Breisoideachas. Leis an Dioplóma Iarchéime sa Bhreisoideachas i gColáiste Mhuire gan Smál, éascaítear é do chéimithe atá ag obair in earnálacha éagsúla san oideachas aosach agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an socrúchán teagaisc praiticiúil, bhí tábhacht ar leith leis an gcomhoibriú leis na Coistí Gairmoideachais áitiúla do chaighdeán eispéireas foghlama an mhic léinn ar an gclár.



## FÁS LEANÚNACH DEN OIDEACHAS UILEGHABHÁLACH I gCOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

An seimeastar seo, chuid Coláiste Mhuire gan Smál fáilte roimh 14 mhac léinn ar an gClár um Maireachtáil Chomhaimseartha. Gheobhaidh na mic léinn taithí fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar ghnéithe de shaol an Choláiste faoi threoir Chomhordaitheoir Choláiste Mhuire gan Smál um Chuimsiú. Chomh maith leis an gClár um Maireachtáil Chomhaimseartha, lainseáladh clár eile um chuimsiú sa Choláiste. Is é atá sa chlár seo, ar a dtugtar an Clár Comhpháirtíochta um Chuimsiú, ná comhthionscnamh idir Coláiste Mhuire gan Smál agus Bráithre na Carthanachta, Inis. Sa chlár seo, déanfaidh beirt mhac léinn atá ag staidéar cheana féin le Bráithre na Carthanachta iniúchadh ar líon cúrsaí i gColáiste Mhuire gan Smál faoi threoir teagascóra a cheapann Bráithre na Carthanachta. Feictear gur céim shuntasach é an gclár seo i ndul chun cinn an Oideachais Uileghabhálaigh.



## SOGHLUAISEACHT IDIRNÁISIÚNTA AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ EORPACHA

An t-aitheantas réamhfhoghlama sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (RIPLVET), Comhpháirtíocht Leonardo da Vinci, a fhaigheann maoiniú faoin gClár Eorpach um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil. Díríonn an tionscadal seo ar an ngairmoideachas múinteoirí agus is é Coláiste Mhuire gan Smál atá á chomhordú. Ag eascairt as an gcéad chruinniú a bhí ann i gColáiste Mhuire gan Smál i mí Eanáir 2012, rinne an grúpa athbhreithniú ar na córais atá ann don aitheantas réamhfhoghlama (RPL) sa ghairmoideachas múinteoirí ar fud na dtíortha comhpháirtíochta. Díríodh freisin ar an bhféidearthacht do Chóras Creidiúna Eorpach don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint (ECVET) chun tacú le RPL across partner countries. Is iad seo a leanas na cúig institiúid eile atá rannpháirteach: Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh, Ollscoil Stirling, Coláiste Ollscoile Eolaíochtaí Feidhmeacha Osló agus Akershus, FLORIFORM-Formation Fleuriste, An Fhrainc agus Ollscoil Gazi, An Tuirc. Lean an Chomhpháirtíocht lena hobair thábhachtach ag cruinniú in Ollscoil Gazi, Ankara ón 19-22 Meán Fómhair. D'fhreastail trí bhall d'fhoireann Choláiste Mhuire gan Smál air: Dorothy Morrissey; Des Carswell agus Cathal de Paor.
San áireamh sa chlár don chruinniú in Ankara bhí cainteoirí ón Aireacht Oideachais sa

Tuirc, Ollscoil Gazi agus Údáras Gairmcháilíothctaí na Tuirce. Pléadh freisin na forbairtí cuí san RPL sa chomhthéacs níos leithne den fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Is é a bhí i gceist anseo ná moladh Comhairle a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach go luath i mí Mheán Fómhair ag spreagadh na mballstát chun córais náisiúnta a bhunú leis an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil a dheimhniú faoi 2015. Leis seo bheadh saoránaigh in ann cáilíocht iomlán nó cuid de cháilíocht a bhaint amach ar bhonn scileanna agus cumas a fhaightear lasmuigh den oideachas foirmiúil. Faoi láthair, tá córais chuimsitheacha i bhfeidhm san Fhionlainn, sa Fhrainc, i Lucsamburg agus san Ísiltír.

### ÓCÁID CHEILIÚRTHA DEN TIONSCADAL FAOI CHÚRSAÍ OIDEACHAIS A ATHRÚ Ó BHONN TRÍ PHLÉ A DHÉANAMH (TED)

Reáchtáil an Coláiste Ócáid Cheiliúrtha den Tionscadal faoi Chúrsaí Oideachais a Athrú ó Bhonn trí Phlé a Dhéanamh (TED) ar an 8 Deireadh Fómhair a lainseáil an tAire Jan O'Sullivan, T.D.

Is comhpháirtíocht straitéiseach é TED idir Coláiste Mhuire gan Smál agus scoileanna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí réigiún Luimnigh agus níos faide amach. Sa tionscadal TED, atá bunaithe san Aonad um Fhorbairt Churaclaim, éascaítear an nasc idir saineolas bhaill foirne an Choláiste agus riachtanais aitheanta na scoileanna agus na ngrúpaí deonacha agus reachtúla laistigh den phobal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta le bheith in ann tabhairt faoi cheisteanna cothromais torthaí san Oideachas.

Ag an gceiliúradh lainseáladh ainmníocht nua TED, Clár an Fhiontraí Óige i Luimneach, an acmhainn agus clár oiliúna Ag Obair Le Chéile don Iompar Dearfach, tuarascáil Chomhpháirtíocht Phobal Scoile an Teaghlaigh, Tuarascáil Idirthréimhse an Mhisin agus an tuarascáil um Sholáthar Urlabhra agus Teanga.

Ag an ócáid seo lainseáladh Clár an Fhiontraí Óige (JEP) i Luimneach. Is clár feabhsaithe feasachta agus scileanna fiontraíochta é an JEP do leanaí bunscoile a forbraíodh agus a cuireadh ar fáil i gCiarraí le dhá bhliain anuas agus d'éirigh thar cionn leis. An aidhm atá ag an gclár ná chun cuidiú le leanaí an fhiontraíocht a aithint agus feasacht agus tuiscint ar ról an fhiontraí sa phobal a chothú, agus an leanbh a chumasú mar sin chun tosú ag smaoineamh agus ag gníomhú go nuálach, go cruthaitheach agus go neamhspleách agus smaointe a bheith aige/aici atá an-luachmhar i saol an lae inniu. Is tionscnamh d'Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus den FGL i gColáiste Mhuire gan Smál, Forbairt Shionainne agus Tweak.com é Clár an Fhiontraí Óig.

## COMHDHÁLACHA

### COMHDHÁIL IDiERI

Tháinig an 7ú hInstitiúid Idirnáisiúnta um Dhrámaíocht i dTaighde an Oideachais (IDiERI 7) le chéile i gColáiste Mhuire gan Smál ó Dé Máirt 10 Iúil go dtí Dé Domhnaigh 16 Iúil. Is é atá sa chomhdháil ná bailiú oirirc don taighde i réimse na drámaíochta agus na hamharclannaíochta feidhmí, agus ba é seo an chéad uair a bhí sé ar siúl in Éirinn. Tháinig siad le chéile roimhe seo in Ollscoil Sydney, Ollscoil na nIndiacha Thiar agus Ollscoil Victoria. Chláraigh níos mó ná 220 toscaire chun freastail uirthi. Téama na comhdhála don IDiERI 7 ba ea Teorainneacha agus Aistriúcháin: I dtreo paraidímí agus teangacha nua san oideachas drámaíochta.

Is é Coláiste Mhuire gan Smál a reáchtáil é agus is é an Dr. Michael Finneran, an Roinn Oideachais Ealaíon agus Corpoideachais a d'eagraigh é. Bhí seisiúin an chláir ar siúl san fhoirgneamh TARA seachas Lainseáil na Comhdhála agus an Eochairóráid ag an Oscailt a thug an Dr. Lionel Pilkington (Ollscoil na hÉireann Gaillimh). Ba é óráid an Dr. Pilkington dar teideal, An Amharclann agus An Dóchúlacht: Cás na hÉireann, an chéad chur i láthair as 130 cur láthair a rinneadh le linn na comhdhála a mhair 6 lá. Sheinn an cruitire áitiúil, Jean Wallace, go galánta do na toscairí ag an lainseáil agus rinne John Murphy mar bhúistéir an Luimneach, John Clocks, léiriú breá bríomhar i sliocht as Pigtown.

## TODHCHAÍ AN OSPS: FADHBANNA & FÉIDEARTHACHTAÍ: AN CHÉAD CHOMHDHÁIL DEN LÍONRA OSPS I GCOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Bhí an chéad chomhdháil riamh den Líonra OSPS ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál ar an 29 Meán Fómhair agus is é an tOllamh Michael Hayes a d'oscail é. Ina óráid, léirigh an tOllamh Hayes an tábhacht a bhaineann leis an Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte do ghlúin reatha na leanaí agus daoine óga agus thug sé cuireadh do gach rannpháirtí chun dul i ngleic leis an gcomhdháil agus meon comhoibríoch agus comhpháirtíochta a bheith aige/aici agus plé tábhachtach a dhéanamh. D'aithin sé na dúshláin éagsúla atá i ndán don OSPS a theagasc agus léirigh sé go raibh súil aige go bhfágfadh na rannpháirtithe an chomhdháil mar sheaimpíní den OSPS. Rinneadh miondealú ar go leor ceisteanna atá sa churaclam OSPS agus bhí plé tábhachtach agus cruthaitheach fúthu le linn na comhdhála agus chuir na heochairchainteoirí an Dr. Carol O'Sullivan (Coláiste Mhuire gan Smál) agus an Dr. Nina Grieg Viig (Ollscoil Bergen) peirspictíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi oideachas agus cur chun cinn na sláinte. Bhí seisiúin agus ceardlanna ar siúl ag an am céanna inar breathnaíodh ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta, Scoileanna a Chuireann an tSláinte Chun Cinn, Oideachas Domhanda, agus an Litearthacht Shóisialta agus Mhothúchánach. Dhírigh an-chuid de na ceardlanna ar chur le scileanna na múinteoirí agus na bpríomh-gheallsealbhóirí eile leis an OSPS a chur i bhfeidhm go héifeachtach.



## IAN 6Ú COMHDHÁIL DÉBHLIANTÚIL IDIRNÁISIÚNTA DEN IONAD TAIGHDE IVACS

Bhí an tionól is déanaí de na scoláirí teangeolaíochta den Ionad ag an séú comhdháil débhliantúil idirnáisiúnta, a bhí ar siúl in Ollscoil Uirbeach Leeds. Is í an tOllamh Susan Price, an Leas-Seansailéir in Ollscoil Uirbeach Leeds, a d'oscail an chomhdháil a mhair dhá lá, agus ina hóráid tosaigh, labhair sí faoin bhfíorghné idirnáisiúnta a bhain leis an gcomhdháil, agus bhí cainteoirí as Éirinn, an Ríocht Aontaithe, an Fhionlann, an Spáinn, an Iodáil, an Pholainn, an tSeirbia, an Liotuáin, an Eilvéis, an Bheilg, An tSiombáib, An Araib Shádach, Aontas na hÉimíríochtaí Arabacha, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Hong Cong. Ar an iomlán, cuireadh 55 páipéar i láthair ag an imeacht a mhair dhá lá.

## STAIR, TÍREOLAÍOCHT & EOLAÍOCHT I mBUNSCOILEANNA NA hÉIREANN: ATÁ RÍTHÁBHACHACHT SA TSOCHAÍ SEO ATÁ AG ATHRÚ. SIOMPÓISIAM TAIGHDE IASSEE

Bhailigh oidí múinteoirí ón tír ar fad le chéile i gCathair Luimnigh do Shiompóisiam an Chumainn don Taighde Oideachais Shóisialta, Eolaíochta agus Chomhshaoil (IASSEE), a reáchtáil Coláiste Mhuire gan Smál. Is é Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál, an tOllamh Michael A Hayes, a d'oscail an Siompóisiam go hoifigiúil. Is iad an Dr. Anne Dolan, Eileen O'Sullivan agus an Dr. Maeve Liston de Roinn na Foghlama, Sochaí agus Léann an Chreidimh a d'eagraigh an siompóisiam. Chuir an siompóisiam taighde

IASSEE fóram fíorluachmhar ar fáil d'oidí múinteoirí chun comhoibriú le chéile lena chinntiú go dtugann cláir oideachais múinteoirí ar fud an leanúntais oideachais múinteoirí faoi na dúshláin reatha ar bhealaí atá éifeachtach, cruthaitheach agus suntasach, chun feabhas a chur ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama i scoileanna Éireannacha.



## AN 2ú COMHDHÁIL BHLIANTÚIL SMEI I gCOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Ag eascairt as cé chomh maith agus a d'éirigh leis an gcéad Chomhdháil Bhliantúil in UCC in 2011, reáchtáil an Roinn Oideachais Ealaíon agus Corpoideachais agus Roinn an Cheoil i gColáiste Mhuire gan Smál an 2ú Comhdháil Bhliaintúil den Chumann don Oideachas Ceoil in Éirinn i Luimneach ar an 10ú agus an 11ú Samhain 2012. Is é an tOllamh Margaret Barrett, an t-oide agus taighdeoir ceoil atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus atá mar Uachtarán an Chumainn Idirnáisiúnta don Oideachas Ceoil, a thug an eochairchaint. Mar an scátheagras don oideachas ceoil in Éirinn, cuireann an SMEI fóram ar fáil inar féidir leis na baill plé a dhéanamh ar na ceisteanna coiteanna a bhfuil siad ag díriú orthu, réimsí comhchleachtais a aithint agus eolas ar ábhair chomhspéise a roinnt le chéile.

Reáchtáil an Roinn Oideachais Ealaíon agus Corpoideachais i gcomhar le Roinn an Cheoil i gColáiste Mhuire gan Smál an 2ú Comhdháil Bhliantúil den Chumann don Oideachas Ceoil in Éirinn inar bhailigh ceoltóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, oidí/éascaitheoirí ceoil agus mic léinn le chéile i gColáiste Mhuire gan Smál.



## COMHDHÁIL AN OIDEACHAIS CHAITLICIGH AGUS NA SOISCÉALAÍOCHTA NUA

Reáchtáil Roinn Léann na Diagachta & an Chreidimh an ceathrú ceann den tsraith Comhdhála McAuley. An téama a bhí ann ná an tOideachas Caitliceach agus an tSoiscéalaíocht Nua. Rinne an siompóisiam tionscnamh an Phápa Benedict a mheas maidir leis an gcreideamh a athnuachan san Eoraip faoi choimirce na Comhairle Pontaifiúla um Chur Chun Cinn na Soiscéalaíochta Nua agus na himpleachtaí a bheadh ann don Oideachas Caitliceach in Éirinn. I measc na gcainteoirí a bhí ann bhí an príomhdhiagaire Iodálach, an tArd-Easpag Rino Fisichella, an Dr. Eugene Duffy, Tionólaí na Comhdhála; an Dr. Gareth Byrne, Ceann Oideachas an Chreidimh sa Mater Dei ; an tSr. Marie Céline Clegg IBNM, Bord Stiúrthóir an Iontaobhais Oideachais Loreto; an Dr. Ron Nuzzi, Comhaontas um Oideachas Caitliceach in Ollscoil Notre Dame agus an Dr. Kerry Greer, Roinn Síceolaíochta Choláiste Mhuire gan Smál.




Sa ghrianghraf ag an 13ú Siompóisiam IVACS a reáchtáil Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, bhí an tOllamh Michael Breen, Déan na nDán, Coláiste Mhuire gan Smál, an Dr. Anne O'Keefe, Comhordaitheoir IVACS agus an tOllamh Michael McCarthy, Ollscoil Nottingham

## SIOMPÓISIAM BLIANTÚIL IVACS

Reáchtáil an 13ú Siompóisiam Bliantúil d'Ionad Taighde Léann an Chorpais Fheidhmigh Idirchineálaigh (IVACS) de chuid Choláiste Mhuire gan Smál an 13ú Siompóisiam IVACS ar an 17 Eanáir.

Téama an tSiompóisiam ba ea an Teangeolaíocht Chorpais: cad é atá taobh thiar de na sonraí cainníochtúla? Thug an Siompóisiam taighdeoirí as Éirinn, as an nGearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Iorua agus an Spáinn le chéile, agus tá siad ar fad ag obair laistigh den líonra IVACS. Chomh maith le hOllscoil Luimnigh agus Coláiste Mhuire gan Smál, chuir ionadaithe páipéir i láthair ó líon ollscoileanna thar lear, Ollscoil Nottingham, Ollscoil Cambridge, Ollscoil Uirbeach Leeds, Ollscoil Bergen, an Iorua, Ollscoil Extramadura, an Spáinn agus Ollscoil Jena, an Ghearmáin.

Bunaíodh an tIonad Taighde IVACS go foirmiúil i gColáiste Mhuire gan Smál in 2002 mar líonra idirinstitiúideach idir Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Nottingham agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, chun nasc a bhunú idir na taighdeoirí idirnáisiúnta atá ag obair sa réimse Teangeolaíochta Corpais. Ó shin i leith, tá an líonra tar éis leathnú amach chuig taighdeoirí agus institiúidí eile, lena n-áirítear Ollscoileanna Cambridge, Edinburgh, Newcastle, Ollscoil Uirbeach Leeds, Ollscoileanna Plymouth, Extramadura, Ollscoil Mhaidrid, agus Ollscoil Polaiteicnice Hong Cong, agus ina measc cinn eile. Tá fás straitéiseach tagtha ar an líonra leis an mbonn saineolais atá ann a fhorbairt trí naisc a dhéanamh le taighdeoirí agus ionaid taighde eile corpasbhunaithe, go háirithe sa Ríocht Aontaithe. Mar thoradh ar na naisc seo cuireadh cuid mhór comhfhoilseachán agus comhthionscadal i gcrích.




## AN REILIGIÚN AGUS AR MHAITHE LEIS AN bPOBAL: CAOGA BLIAIN TAR ÉIS AN DARA COMHAIRLE VATACÁNACH

I mí Dheireadh Fómhair rinneadh 50 bliain a chomóradh den tús den Dara Comhairle Vatacánach a raibh tionchar ríthábhachtach aige ar an Eaglais Chaitliceach. Ach, ba imeacht suntasach freisin a bhí sa Dara Comhairle Vatacánach a raibh tionchar aige ar an saol i gcoitinne, dóibh siúd a chreideann agus nach gcreideann araon. Sa chomhthéacs seo d'eagraigh an Coláiste comhdháil ar an 10-11 Deireadh Fómhair dar teideal An Reiligiún agus Ar Mhaithe leis an bPobal. Ag an gcomhdháil, a ghairm an Dr. Patrick Connolly, pléadh na ceisteanna comhaimseartha a bhfuil éifeacht acu ar an ngaol idir an creideamh agus an tsochaí in Éirinn agus san Eoraip agus rinneadh an tábhacht reatha a bhaineann le Dearbhú na Comhairle faoin Saoirse Creidimh a mheas. D'oscail an Cairdinéal Cormac Murphy O'Connor an chomhdháil agus tháinig cainteoirí as Éirinn, an Ríocht Aontaithe, an Bheilg, an Ghearmáin agus as Stáit Aontaithe Mheiriceá.



## COMHDHÁIL AR RÓL NA GAEILGE I nGEILLEAGAR NA hÉIREANN AGUS CONAS IS FÉIDIR LEIS CABHRÚ LINN LEIS AN TÉARNAMH GEILLEAGRACH

Mar chuid de Sheachtain na Gaeilge d'eagraigh Coláiste Mhuire gan Smál comhdháil lá amháin Dé Sathairn an 9ú Márta, as Gaeilge, ag díriú ar an ról atá ag an nGaeilge inár ngeilleagar agus cuireadh an cheist ar an gcaoi a bhféadfaí an ról seo a fhorbairt i dtéarnamh geilleagrach na tíre seo. Is é an Dr. Breandán Ó Caoimh, Roinn na Tíreolaíochta, Coláiste Mhuire gan Smál, a d'oscail an chomhdháil. Pléadh trí cheist éagsúla, Forbairt Pobail, Pleanáil Teanga agus an Ghaeilge agus na Meáin. Na cainteoirí a bhí i láthair ná Mícheál de Mórdha, Bainisteoir Ionad Oidhreachta an Bhlascaoid, Máire Ní Neachtain, Ceann Roinn na Gaeilge i gColáiste Mhuire gan Smál, Tomás Mac an Iomaire, léiritheoir neamhspleách raidió, céimí de Choláiste Mhuire gan Smál Páidí Ó Lionáird, a chuireann an clár ar chúrsaí reatha, Seacht Lá, i láthair ar TG4 agus céimí de Choláiste Mhuire gan Smál Dara Ó Cinnéide, a fuair aitheantas mar Chaptaen ar Fhoireann Sinsir Peile Chiarraí a bhuaigh an Corn Sam Maguire agus atá aitheanta anois mar láithreoir agus léiritheoir le RnaG agus TG4.

## CCTV COLLOQUIUM

Bhí collóiciam ag an Ionad um Luachanna & Teicneolaíocht an Chultúir i gcomhar leis an Ionad um Chultúr agus Chruthaitheacht d'Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i gCionn tSáile ón 14ú go dtí an 16ú Samhain agus chuir baill foirne agus mic léinn iarchéime fiche páipéar acadúla i láthair maidir leis an téama Cultúir, Creidimh agus Teicneolaíochta.

## AN 10ú COMHDHÁIL BHLIANTÚIL DE CHUMANN NA DIX-NEUVIÉMISTES

Bhailigh níos mó ná 80 saineolaí idirnáisiúnta de chultúr na Fraince den naoú haois déag ón domhan iomlán le chéile i gColáiste Mhuire gan Smál chun páipéir a chur i láthair maidir leis an téama ginearálta a bhí ann i mbliana 'Na Céadfaí'. Bhí páirt ghníomhach ag Roinn Léann na Fraincise san imeacht a eagrú agus bhí baill foirne éagsúla mar chathaoirligh ar sheisiúin. I ndiaidh an imeachta, fuair Loïc Guyon 'Gradam Buíochais' ó Chomhdháil & Biúró Spóirt Shionainne agus Forbairt Shionainne mar aitheantas ar na hiarrachtaí agus an t-ionchur i gcúrsaí gnó sa réigiún.

## COMHGHAIRM EOLAÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA FUAIME NA hÉIREANN

Ba é an Dr. Tony Langlois duine de na heagraithe de Chomhghairm Eolaíochta agus Teicneolaíochta Fuaime na hÉireann a reáchtáil Coláiste Eoin agus Scoil Cheoil Chorcaí (CIT). Is scátheagras é ISSTA do scoláirí agus ealaíontóirí a bhfuil baint acu i gceol turgnamhach agus ealaín fuaime de gach cineál.



## COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ UILEGHABHÁLACHA UM OIDEACHAS MÚINTEOIRÍ: AN PLÉ Á CHUR AR BUN ARÍS

Is é Dámh an Oideachais a reáchtáil an chomhdháil seo chun deis ar leith a thabhairt do cheannairí i réimse an oideachais múinteoirí le dul i mbun comhrá agus plé agus cuidiú leo freagraí straitéiseacha a fhorbairt ar an bpolasaí náisiúnta atá ag teacht chun cinn. Is í an Dr. Deirdre Ní Chróinín a rinne comhordú ar an gcomhdháil.

## AN CEOL, AN TEICNEOLAÍOCHT AGUS AN CHRUTHAITHEACHT SA SEOMRA RANGA AGUS SA PHOBAL

Chuir an Roinn Oideachais Ealaíon agus Corpoideachais agus Roinn an Cheoil na ceardlanna seo a leanas i láthair agus Seimineár Taighde faoin Scéim um Oiliúint na nOiliúnóirí ón 11-13 Márta.

Is é an Dr. Alex Ruthmann, Ollamh Cúnta Oideachas an Cheoil, Ollscoil Massachusetts, a bhí i mbun na gceardlann. Ag an Seimineár Taighde faoin gCeol agus faoi na Meáin Nua, a raibh Michael Murphy mar chathaoirleach air, bhí páipéir ón Dr. Alex Ruthmann agus ón Dr. Ailbhe Kenny.

## AN LITRÍOCHT IDIRCHULTÚRACHAIS Á CEISTIÚ SAN EORAIP

Reáchtáil Ionad na hÉireann um Léann Idirthréimhse ceardlann ar an 12 agus an 13 Aibreán 2013 inar cuireadh faoi chaibidil an litríocht idirchultúrtha a phléigh leis na hábhair dhúshlánacha agus ceisteanna athsmaointe maidir leis an bhfuascailt shocheolaíoch, theangeolaíoch, dhleathach agus chultúrtha ar dhaoine ar fud na hEorpa.

## CAMUS AGUS INA DHIAIDH: AN LITRÍOCHT, AN FHEALSÚNACHT AGUS AN PHOLAITÍOCHT

Bhí comhdháil a d'eagraigh Lárionad na hÉireann um Léann Trasnáisiúnta ar siúl Dé hAoine, 26 Aibreán 2013 chun céad bliain ó rugadh an t-udar, fealsúnaí agus iriseoir Francach, Albert Camus, a rugadh san Ailgéir, a chomóradh. Teideal an tsiompóisiam ba ea Camus agus Ina Dhiaidh: An Litríocht, an Fhealsúnacht agus an Pholaitíocht.



## TCOMHDHÁIL MCAULEY – COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL – 17Ú AGUS 18Ú BEALTAINE 2013 CAD É AN RUD IS SUNTASAÍ FAOIN LÉANN CAITLICEACH?

Rinneadh Comhdháil McAuley 2013 iniúchadh ar "Cad é an rud is Suntasaí faoin Léann Caitliceach?" Tugadh faoi go sonrach cad é atá uathúil agus speisialta faoi bheith ag foghlaim sa traidisiún Caitliceach ar feadh na gcéadta bliain trí scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi inar saothraíodh na Daonnachtaí agus na hábhair shaolta laistigh den traidisiún seo.

## SRAITH SEIMINEÁR DHÁMH NA NDÁN

Sraith Seimineár Dhámh na nDán, An Fómhar 2012:

| | | |
|---|---|---|
| Dé Máirt 18 Meán Fómhair | An Dr. Eamon Maher An tIonad Náisiúnta um Léann Franc-Éireannach Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta | "Where to now for the Catholic Novel?" |
| Dé Máirt 9 Deireadh Fómhair | An Dr Margherita Tonon, Lárionad don Mheitifisic Fealsúnacht an Chultúir, Ollscoil Louvain | "Rethinking 'Labour' as a Philosophical Concept" |
| Dé Máirt 23 Deireadh 4 Fómhair | An tOllamh Lieven Boeve, Déan Dhámh na Diagachta Caitlicí | Catholic Education and Secularisation |
| Dé Luain 5 Samhain 4 | An Dr. Pat Brereton<br><br>An Scoil Cumarsáide<br><br>Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Smart Cinema, DVD Add-ons and New Audience Pleasures |
| Dé Máirt 20 Samhain | Darach Sanfey, Coláiste Mhuire gan Smál | 'Reckless, scandalous, impious': un drôle decitoyen. Rousseau and the prerogatives of citizenship |



## COMHDHÁIL ÓIGE AN AE

Bhí comhdháil Óige an AE, cruinniú a eagraíodh mar chuid d'Uachtaránacht na Cipire ar an AE, ar siúl in Nicosia ón 11-13 Meán Fómhair. Roghnaigh Comhairle Náisiúnta na nÓg de chuid na hÉireann Shane O'Sullivan, mac léinn PhD Tíreolaíochta i nDámh na nDán mar dhuine den triúr ionadaithe óige as Éirinn a d'fhreastail ar an gcomhdháil, ar bhonn an taighde atá déanta aige.

## LÁRIONAD UM LÉANN TRASNÁISIÚNTA (ICTS)

An chéad imeacht den Lárionad um Léann Trasnáisiúnta (ICTS), atá lonnaithe i gColáiste Mhuire gan Smál, ba ea ceardlann lá iomláin a dhírigh ar théacsanna teoiriciúla ((Benjamin, Adorno, Améry, Foucault, Augé, etc.) ina ndearnadh iniúchadh ar an gcoincheap faoi na 'Tithe Náisiúnta: Féiniúlachtaí agus Díláithriú'. Bhí an chomhdháil ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál ar an 21 Meán Fómhair.

### LIOSTA AN DÉIN OLLSCOIL FROSTBURG, STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

Ainmníodh beirt mhac léinn de Dhámh na nDán, Sinéad Boyle agus Nicola Sammon, ar a gclár staidéir thar lear ar liosta an Déin in Ollscoil Stáit Frostburg.



### TRÁCHTAS IARCHÉIME CHOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL BRONNTA AR AN bPÁPA BENEDICT

Bhain Philip Cremin céim MA amach i gColáiste Mhuire gan Smál trí thaighde agus tráchtas a dhéanamh agus bronnadh cóip dá thráchtais ar an bPápa Benedict XVI le linn chruinniú bliantúil an Phápa lena iar-mhic léinn dochtúireachta (Schülerkreis) in Castelgandolfo. Is é an tOllamh Vincent Twomey SVD, Ollamh Emeritus ar an Diagacht Mhorálta i Maigh Nuad, agus ball den Ratzinger Schülerkreis, a bhronn saothar Philip ar a Naofacht, dar teideal: Joseph Ratzinger's Idea of God as Dia-logos: a Contribution to Contemporary Society?

### COMHAIRLE TAIGHDE NA hÉIREANN

Cheap Comhairle Taighde na hÉireann atá athbhunaithe an tOllamh Michael Breen arís mar Chathaoirleach ar an mBord Athbhreithnithe Iarchéime. Tá an Déan ceaptha freisin le bheith mar ionadaí na hÉireann ar an mBord Comhairleach Eolaíochta de Shuirbhé Sóisialta na hEorpa. Is é Suirbhé Sóisialta na hEorpa ceann amháin de na ceithre thionscadail taighde treochláir um Shóisialta Eolaíochta & Dhaonnachtaí de chuid na hEorpa ina bhfuil ról ag Éirinn.



## IMEACHTAÍ SA CHOLÁISTE

### OSCAILT CHEILIÚRTHA AMHARCLANN LIME TREE

Bhí clár spéisiúil agus éagsúil don Fhómhar/ Gheimhreadh in 2012 ag Amharclann Lime Tree. An t-imeacht sárthaispeántais ba ea Léiriú Amharclann na Mainistreach ar 'The Plough and the Stars' le Seán O'Casey a léiríodh ón 30 Deireadh Fómhair go dtí an 3 Samhain. Reáchtáil an Coláiste oíche oscailte cheiliúrtha ar an 30 Deireadh Fómhair, an chéad oíche den léiriú. Bhí an tAire Jimmy Deenihan, T.D., an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar an tAoi Oinigh ag an ócáid seo.



### TEACH FRANC-GHEARMÁNACH

Is struchtúr faoi chosaint é Lóiste Summerville (a tógadh c. 1870) i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta agus faoi Phlean Forbartha Chathair Luimnigh. Is iad a Oirirceas Mrs Emmanuelle d'Achon, Ambasadóir na Fraince ar Éirinn agus a Oirirceas an Dr. Eckhard Lübkemeier, Ambasadóir na Gearmáine ar Éirinn a d'oscail é go hoifigiúil mar an 'Teach Franc-Ghearmánach' ar an 28 Meán Fómhair 2012.

## GNÓTHACHTÁLACHA NA MAC LÉINN



Patrick Burke, BEd san Oideachas & sa tSíceolaíocht (2008-2012)

### NA DÁMHACHTAINÍ FOCHÉIME: BUAITEOIR NA hÉIREANN 2012 I RÉIMSE AN OIDEACHAIS MÚINTEOIRÍ

Bhí lúcháir ar phobal Choláiste Mhuire gan Smál a chloisteáil gur fógraíodh gur roghnaigh painéal scoláirí idirnáisiúnta duine de mhic léinn an Choláiste le duais a fháil ag an gcomórtas mór le rá, na Dámhachtainí Fochéime.

Roghnaíodh Patrick Burke, a bhain céim BEd amach san Oideachas agus sa tSíceolaíocht i gColáiste Mhuire gan Smál i mí Dheireadh Fómhair, as 2890 iarratasóir, ó 92 institiúid agus 64 náisiúntacht do Dhámhachtain Fochéime idirnáisiúnta mar aitheantas ar an taighde nuálach fochéime a rinne sé i réimse an Oideachais Múinteoirí. Teideal aiste Stair an Oideachais de chuid Patrick ba ea, "Rewarding results in reading, 'riting and 'rithmetic: Literacy and numeracy today and during payment-by-results in
Irish primary schools (1872-1899)".

Agus iad oscailte do mhic léinn ina mbliain deiridh nó sa dara bliain deiridh ar chúrsa céime, is é atá sna Dámhachtainí Fochéime ná chun "gradam a bhronnadh don nuálaíocht, don smaointeoireacht neamhspleách agus don chruthaitheacht laistigh d'obair chúrsa trasna na ndisciplíní uile acadúla." Fógraíodh 39 mac léinn ó choláistí tríú leibhéal ar fud an domhain mar bhuaiteoirí de na dámhachtainí. I measc na mbuaiteoirí idirnáisiúnta bhí mic léinn a bhí mar ionadaithe do líon Institiúidí Éireannacha agus Stanford, Yale, Princeton, Coláiste Bostúin, Ollscoil Cambridge, Ollscoil McGill, Ollscoil Toronto, Ollscoil Durham, St Andrews, agus Ollscoil Dhún Éideann. Is é an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn a bhronn na dámhachtainí ag Searmanas na nDámhachtainí Fochéime ar an 9 Samhain 2012 agus bhí Leas-Uachtarán na nGnóthaí Acadúla, an tOllamh Eugene Wall agus Déan an Oideachais, An tOllamh Teresa O'Doherty i láthair ann.

### BRONNADH CÉIMEANNA 2012

Bhí na Searmanais Bhronnta ar siúl ar an 25 agus an 26 Deireadh Fómhair nuair a bronnadh céimeanna ar tuairim is 1000 mac léinn. Bronnadh ceithre cinn déag de dhámhachtainí PhD, an líon is mó go dtí seo.



An tOllamh Michael Breen leis an gcohórt de mhic léinn PhD 2012: Matteo Cullen; Catherine O'Brien; Steve Leddin; Aoife McLoughlin; Andrew Hunt; Jennifer McMahon; Stephanie Hannon; Treasa Campbell; Gerald Roche agus Thomas Nelligan

# SPÓRT

## INSEALBHAÍTEAR EAMON CREGAN I HALLA NA LAOCH I MÚSAEM AN CLG

Buaicphointe spóirt a bhí ann ná nuair a insealbhaíodh laoch Luimnigh Eamon Cregan i Halla na Laoch i Músaem an CLG i bPáirc an Chrócaigh. Cúpla uair an chloig i ndiaidh dó Dámhachtain na Laoch a fháil, threoraigh buaiteoir Chluiche Ceannais na hÉireann de chuid Luimnigh foireann sinsir iománaíochta Choláiste Mhuire gan Smál i dtreo a gcéad chluiche ceathrúcheannais de Chorn Fitzgibbon iad.

Thréaslaigh Uachtarán an CLG Liam Ó Néill le hEamon Cregan toisc gur ainmníodh é ar an liosta mór le rá a thugann onóir don ionchur mór a bhí aige sa CLG a rá; "Tá áit speisialta i stair an CLG ag iar-imreoirí agus an áit is fearr leis seo a léiriú ná i Músaem an CLG áit a leagtar béim ar a ngnóthachtálacha agus a dtugtar urraim dóibh. Beidh an tsaoráid nua seo mar chuimhne bhuan faoi cé chomh hiontach agus a bhí na himreoirí seo a chuir barr maise ar ár gcluiche ag an leibhéal is airde. Tá sé tábhachtach cuimhneamh ar na himreoirí seo, ní hamháin iad siúd a raibh an t-ádh leo iad a fheiceáil, ach iad siúd nach raibh an phribhléid sin acu".

Bhí Cregan, atá ina 20ú séasúr anois mar bhainisteoir Fhoireann Iománaíochta Choláiste Mhuire gan Smál, ag imirt iománaíochta idirchontae ar feadh 19 mbliana, agus bhuaigh sé beagnach gach onóir iománaíochta ag an leibhéal sinsearach – ceithre chraobhchomórtas de chuid na Mumhan, Sraithchomórtas Náisiúnta Iománaíochta, bonn den Oireachtas, ceithre Chorn an Bhóthair Iarainn agus trí Ghradam de chuid Shárimreoirí Iománaíochta na Bliana. Bhí sé ar fhoireann Luimnigh a bhuaigh Craobhchomórtas Sinsear na hÉireann san Iománaíocht in 1973 – an chéad cheann a bhuaigh Luimneach ó 1940. Le linn an chluiche, aistríodh Eamon ón ngnáthshuíomh ina raibh sé mar thosaí go dtí an suíomh mar chúlaí lair, aistriú a cheaptar a bhain leis an mbua a bhí ag Luimneach.




## SROICHEANN FOIREANN SINSIR IOMÁNAÍOCHTA CLUICHE CEANNAIS CHORN FITZGIBBON

College President Michael A Hayes hosted a reception in honour of the members of the College Senior Hurling Team following their historic advancement to the final of the Fitzgibbon Cup in March. Despite their brave performance in the College's first ever appearance in the third-level hurling final they were unfortunately beaten by UCC.



Baill d'Fhoireann Sinsir Iománaíochta Choláiste Mhuire gan Smál sa ghriangraf leis an Ollamh Michael A Hayes, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál agus Eamon Cregan, Bainisteoir na Foirne (sa ghrianghraf sa lár) agus Joe Redington, Oifigeach Forbartha CLG Choláiste Mhuire gan Smál (sa ghrianghraf ar clé) agus Ciara Cregan, Oifigeach Spóirt Choláiste Mhuire gan Smál (sa ghrianghraf chun tosaigh ar dheis).

# Organisational Chart



# ACCOUNTS

Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh

## CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

| | Note | 2013 Euro | 2012 Euro |
|---|---|---|---|
| IONCAM | | | |
| Deontais | 1 | 8,119,347 | 9,699,087 |
| Deontas Caipitil – Forbairt Foirgneamh | 1 | - | 1,255,196 |
| Táillí Mic Léinn | 2 | 15,108,799 | 14,896,379 |
| Maoiniú nach bunmhaoiniú é a fhuascailt d'Fhorbairt na Leabharlainne | 8(d) | 22,809 | 1,279,883 |
| Maoiniú nach bunmhaoiniú é a fhuascailt don Fhoghlaim Chumaisc | 8(d) | 42,809 | - |
| Ioncam Iarchurtha a fhuascailt | 8 (b-d) | 1,873,886 | - |
| Ioncam Eile | 3 | 2,093,202 | 3,491,470 |
| Cláir Taighde agus Féinmhaoinithe | 8(c-d) | 2,740,565 | 2,143,211 |
| Maoiniú Neamh-Iarchurtha do Phinsin | 14(b) | 6,509,651 | 5,429,571 |
| **Ioncam Iomlán** | | 36,511,068 | 38,194,797 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 9 | 1,780,537 | 439,414 |
| | | 38,291,605 | 38,634,211 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Oibriúcháin | 4 | (25,754,504) | (25,925,959) |
| Costais Pinsean | 14(c) | (8,017,020) | (7,902,727) |
| Cláir Taighde agus Féinmhaoinithe | 8(c-d) | (2,740,565) | (2,143,211) |
| Caiteachas Iomlán | | (36,512,089) | (35,971,897) |
| Farasbarr Oibriúcháin don bhliain | | 1,779,516 | 2,662,314 |
| **CÚLCHISTÍ** | | | |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Forbartha | 10 | (476,889) | (1,462,660) |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Cóiríochta | 11 | (184,337) | (234,304) |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Forbartha Leabharlainne | 12 | (48,407) | (1,279,883) |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Acadúil / Taighde | 13 | (1,873,886) | - |
| Gluaiseacht sna Cúlchistí | | (2,583,519) | (2,976,847) |
| Iomlán (Easnamh) don bhliain | | (804,003) | (314,533) |
| Farasbarr Cúlchiste Carntha ag an 1 Deireadh Fómhair 2012 | | 2,892,197 | 3,206,730 |
| Accumulated Reserve Surplus at 30th Sep 2013 | | 2,088,194 | 2,892,197 |

Thar ceann an Bhoird Rialaithe

Michael Hayes

An tOllamh Michael A Hayes
Uachtarán

John Coady

Mr John Coady
Leas-Uachtarán

# fuinneamh

## Léargas Ginearálta ar an Úsáid Fuinnimh 2012

Mar gheall ar an méadú i líon na mac léinn agus na mball foirne agus rath leanúnach Amharclann Lime Tree a chuir le héilimh fuinnimh an champais, tá laghdú sa bhreis tar éis a bheith déanta in úsáid iomlán an fhuinnimh i gColáiste Mhuire gan Smál de bharr cé chomh maith is a d'éirigh le bainistíocht straitéis úsáid cumhachta an Choláiste.

In 2013, d'úsáid Coláiste Mhuire gan Smál 7,349.3 MWh d'fhuinneamh, mar seo a leanas:

- 2,021 MWh de leictreachas,
- 4,511 MWh de ghás nádúrtha,
- 4.3 MWh de bhreoslaí iompair (díosal)

Gníomhaíochtaí a rinneadh in 2013

Le linn 2013, thug Coláiste Mhuire gan Smál faoi raon tionscnamh chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht fuinnimh, agus ina measc bhí uasdátú insliú an áiléir sa phríomhfhoirgneamh, athfheistiú na ríomhlainne agus na coirí agus na dóirí a athsholáthar ar fud an Choláiste.

Ar an iomlán, tá siad seo in éineacht le bearta spárála fuinnimh eile ag spáráil 486,835 MWh gach bliain do Choláiste Mhuire gan Smál.



# LÍON NA MAC LÉINN DON BHLIAIN ACADÚIL 2012-13

| Cineál | Lánaimseartha | Páirtaimseartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Fochéim** | | | |
| Teastas | | 27 | 27 |
| Céim Onóracha [L8] | 2522 | | 2522 |
| Líon Iomlán na bhFochéimithe | 2522 | 27 | 2549 |
| **Iarchéim** | | | |
| Dioplóma Iarchéime | 200 | 17 | 217 |
| Teastas Iarchéime | | 7 | 7 |
| Máistreacht Mhúinte [L9] | 54 | 65 | 119 |
| Máistreacht Taighde [L9] | 35 | 1 | 36 |
| PhD [L10] | 77 | | 77 |
| Líon Iomlán na nIarchéimithe | 366 | 90 | 456 |
| Líon Iomlán Chlárú na bhFochéimithe agus na nIarchéimithe | 2888 | 117 | 3005 |

## LÍON NA MAC LÉINN A BHAIN CÉIM AMACH 2012-13

| CÚRSA | LÍON NA MAC LÉINN A BHAIN CÉIM AMACH |
|---|---|
| Baitsiléir sna Dána | 215 |
| Máistir sna Dána (Léann an Bhíobla) | 1 |
| Máistir sna Dána (Ceannaireacht Chríostaí) | 10 |
| Máistir sna Dána (Gaeilge) | 2 |
| Máistir sna Dána (Stair) | 13 |
| Máistir sna Dána sa Staidéar ar na Meáin Éireannacha | 3 |
| Máistir sna Dána (Fealsúnacht agus Litríocht) | 2 |
| Máistir sna Dána (Léann Diagachta) | 7 |
| Máistir sna Dána (Taighde & Tráchtas) | 7 |
| Dochtúir Fealsúnachta (na Dána) | 13 |
| Dioplóma Iarchéime sna Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) | 49 |
| MEd. (Riachtanais Speisialta Oideachais) (RSO) | 6 |
| MA san Oideachas Ceoil | 6 |
| Teastas sa Léann Ginearálta | 14 |
| Baitsiléir Oideachais | 393 |
| Baitsiléir Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht | 31 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) | 58 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosach | 13 |
| Dioplóma Iarchéime sna Tecneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide san Oideachas Bunscoile | 9 |
| Teastas Iarchéime sa Léann Gairmiúla san Oideachas | 6 |
| Baitsiléir sna Dána (Cúram agus Oideachas Luath-Óige) | 57 |
| Diploma in Early Childhood Care and Education | 1 |
| MEd. | 20 |
| MEd. (Oideachas Aosach & Leantach) | 4 |
| MEd. sna Tecneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide san Oideachas Bunscoile Máistreacht Oideachais i bhForbairt an Mhúinteora | 8 |
| MA sa tSíceolaíocht Oideachais | 9 |
| MA san Oideachas (Taighde & Tráchtas) | 2 |
| Dochtúir Fealsúnachta (Oideachas) | 1 |
| **LÍON IOMLÁN A BHAIN CÉIM AMACH** | **960** |



COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH

MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK